

Féachaint Orm Féin agus an Méid a Thugaim Liom chuig an Seomra Ranga

Bíonn meascán casta d'fhorbairt eolais, scileanna, dearthaí, luachanna agus iompraíochta i gceist leis an teagasc. Is tábhachtach ach go háirithe bheith féin-eolach faoin méid a thugaimid chuig an seomra ranga agus faoi na bealaí ina 'múinimid cé muid' i gcomhthéacs OSPS/OCG a theagasc.

Ciallaíonn féinfheasacht machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar mhúnlaigh do chuid eispéireas, luachanna agus creideamh (agus claontaí féideartha) féin do thuiscint ar chaidrimh agus ghnéasacht agus smaoineamh faoin éifeacht a d'fhéadfadh a bheith acu ar do chur chuige i dtreo OSPS/OCG a theagasc agus do chuid freagraí ar dhearthaí, eispéiris agus thuairimí difriúla scoláirí.

Ós rud é go ndéantar gach duine a shóisialú sa tsochaí, sa teaghlach agus sa phobal ina bhfásann siad aníos, ní haon ionadh go bhféadfadh go dtógfadh scoláirí agus múinteoirí leo luachanna agus dearthaí difriúla agus tionchar orthu ag an tógáil a fuair siad, a n-oidreachas, a gcuid creideamh reiligiúnach agus eispéireas. Is í féinfheasacht faoi bhunús do chuid creideamh agus dearthaí féin an chéad chéim thábhachtach i dtreo bheith in ann idirphlé oscailte agus neamhbhreithiúnach a éascú sa seomra ranga. Teastaíonn sin ionas gur féidir le scoláirí bheith oscailte agus macánta agus ionas go gcruthaítear timpeallacht seomra ranga ina mhothaíonn gach duine muintearas agus ina mhothaíonn siad go léirítear meas ar a gcuid féiniúlachtaí.

Má táthar féinfheasach agus compordach leis an ábhar is mór an difríocht a dhéanfaidh sé agus tú ag plé leis na scoláirí. Trí thaighde a dhéanamh ar ábhair roimh ré, plé leis na hacmhainní san fhearas acmhainní seo, freastal ar oiliúint nuair is féidir, agus pianáil go comhoibritheach le múinteoirí eile cabhrófar leat le mothú níos compordáil agus níos muiníní

Topaicí ábhartha eile

An múinteoir mar éascaitheoir foghlama
Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?
Cén sórt seomra ranga OSPS/OCG a bhíonn ionchuimsitheach?
Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach
Ag plé le comhraite íogaire/dúshlánacha

Ábhar Machnaimh:

- An raibh m'eispéireas féin ar fhoghlaim san OCG (sa bhaile agus ar scoil) mar ullmhúchán dearfach agus úsáideach, mar shampla
 - Cérbh iad na gnéithe cuidiúla de na nithe a d'fhoghlaim mé nuair a rinneadh OCG a theagasc dom?
 - Cérbh iad na gnéithe nár chuidigh liom agus céard a bhí ar iarraidh?
 - Cén teachtaireachtaí a d'fhoghlaim mé agus cén difríochtaí atá eatarthu siúd agus an fhís don OCG atá mar bhonn don churaclam anois?
- Machnamh ar m'fhéiniúlacht féin – gnéasach, inscne agus aon ghnéithe eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha mar, creideamh, féiniúlacht eitneach, cumas – cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an gcaoi a bhfreagraím do cheistanna agus do phlé sa seomra ranga?
- Cad iad mo chuid creideamh agus tuairimí féin faoi ról inscne, gnéasacht, iompraíocht ghnéasach?
- Cad a d'fhéadfadh cabhrú liom chun mo chuid eispéireas/tuairimí/bonn tuisceana féin a láimhseáil agus ligean dul i ngleic le hábhair ar bhealach oscailte agus cuimsitheach?
- Conas is féidir liom fiormheas agus fíorthuiscint a léiriú ar na dearthaí agus na luachanna éagsúla a d'fhéadfadh a theacht chun cinn agus na croí-luachanna a dhearbhu mar atá comhionannas, meas agus cearta agus freagrachtaí daonna?
- Cad iad na hábhair is mó a mothaím compordach á dteagasc agus cad iad na hábhair is lú a mothaím compordach á dteagasc? Conas is féidir liom déileáil leis sin? Mar shampla, ar chabhair é labhairt le comhghleacaí nó na hacmhainní san fhearas acmhainní seo a léamh go cúramach?
- An bhfuil mé in ann aon ábhair imní a chur in iúl maidir le múineadh faoin ábhar gnéasach íogair a bhaineann le OCG? Conas is fearr mé féin a ullmhú agus tacú liom féin?
- Cén cáilíochtaí atá agam a chabhróidh liom le plé ar an mbealach is éifeachtaí leis na scoláirí?

¹Palmer, P.J (1997). *The heart of the teacher*. lch 15